DÁIL ÉIREANN

FOIRM AN RÁITIS LEASANNA INCHLÁRAITHE ATÁ LE COMHLÁNÚ DE RÉIR ALT 5 DEN ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 (ARNA LEASÚ)

Comhlánaigh an fhoirm seo i ndúch dubh, le do thoil

Ainm: _____

Seoladh le haghaidh comhfhreagrais:
_____

_____

_____

_____

Uimhir Theileafóin: _____

An Tréimhse Chlárúcháin a chlúdaítear leis an ráiteas seo: an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022. Is é seo an "*tréimhse chuí*" chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001.

Is féidir leagan leictreonach den fhoirm seo a íoslódáil ag: https://www.sipo.ie/forms-and-returns/disclosing-interests/index.xml?&Language=ga

B'fhéidir go mbeadh sé caoithiúil do Chomhaltaí (agus ba mhór an cúnamh é in ullmhú an chláir leasanna) an fhoirm seo a chomhlánú go leictreonach agus í a chur ar ais le ríomhphost chuig brigid.mcglynn@oireachtas.ie

Ní foláir, áfach, cóip bhunaidh den fhoirm sin, agus í sínithe go cuí, a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí freisin (nó, i gcás tuairisceán nialais, faoi bhráid Oifig Chléireach na Dála) faoin 31 Eanáir 2023.

NÓTAÍ LE hAGHAIDH FAISNÉISE

1. Is ceart an fhoirm seo, agus í sínithe go cuí agat, a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí tráth nach déanaí ná an **31 Eanáir 2023.** TABHAIR DO D'AIRE, LE DO THOIL, GUR CEART DO CHOMHALTAÍ A BHFUIL TUAIRISCEÁN NIALAIS Á DHÉANAMH ACU É A CHUR CHUIG OIFIG CHLÉIREACH NA DÁLA FAOIN DÁTA SEO.

2. Is ceart do chomhaltaí, agus iad ag comhlánú na foirme seo, na treoirlínte a d'éisigh Roghchoiste Dháil Éireann um Leasanna Chomhaltaí agus atá ar fáil ag an leathanach seo a leanas a léamh: An Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann – 33rd Dáil – Tithe an Oireachtais (oireachtas.ie)

3. Is ceart do Shealbhóirí Oifige, agus iad ag comhlánú na foirme seo, na treoirlínte a d'éisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus atá ar fáil ag an leathanach seo a leanas a léamh: https://www.sipo.ie/acts-and-codes/guidelines/office-holders/index.xml /index.xml?&Language=ga

4. Ní cheanglaítear ar chomhaltaí méid ná luach airgid aon leas a shonrú sa ráiteas seo.

5. Clúdaíonn an ráiteas leasanna inchláraithe seo aon tréimhse a chaith tú mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas le linn na tréimhse an 1 Eanáir 2022 go an 31 Nollaig 2022.

6. Féadfaidh comhaltaí, de réir alt 12 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, (arna leasú) ("Acht 1995" anseo ina dhiaidh seo) aon cheisteanna atá acu i dtaobh chomhlíonadh na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 ("Acht 2001" anseo ina dhiaidh seo) a chur faoi bhráid Roghchoiste Dháil Éireann um Leasanna Comhaltaí. I gcás go gcuirtear comhairle ar chomhaltaí, ní foláir don chomhalta gníomhú de réir na comhairle sin mura rud é go ndéanfaí sárú ar alt eile de na hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí amhlaidh.

7. Is ceart do shealbhóirí oifige, de réir alt 25 d'Acht 1995, aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu i dtaobh chomhlíonadh na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

8. Tá cóipeanna breise den fhoirm seo agus leagan Béarla di ar fáil, má tá siad ag teastáil, ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

9. I gcoitinne, cláróidh comhaltaí i gcomhair na tréimhse cuí, eadhon an 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022. Is ceart d'aon chomhalta a toghadh chun na Dála le linn 2022 a fhoirm nó a foirm a chomhlánú ó dháta an toghcháin go dtí an 31 Nollaig 2022.

CUID 1 - SLITE BEATHA, etc.

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha nó slí bheatha eile de do chuid a dtugtar luach saothair ina leith (seachas a bheith i do shealbhóir oifige nó i do chomhalta nó slí bheatha lena mbaineann Cuid IV d'Acht 1995) aon tráth le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022), i ndáil leatsa, a shonraítear in *alt 5(1)* nó *20*, ar mhó ná €2,600 an luach saothair uaithi duit le linn na tréimhse sin. Níl ceangal ort sonraí a thabhairt i dtaobh mhéid iarbhír an luacha saothair**. Más rud é gur mhó ná €2,600 ioncam cíosa a fuarthas le linn na tréimhse iomchuí, ní foláir an tslí bheatha 'Tiarna Talún' nó 'Leasóir' a dhearbhú.** I gcás go mbeidh tú ag dearbhú ioncam cíosa ó mhaoin ar teach príobháideach freisin í de réir bhrí Acht 1995, níl ceangal ort seoladh iomlán na maoine sin a lua faoi cholún (ii). *Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Slite Beatha, etc.*

(i) An cineál trádála, gairme, etc.	(ii) Ainm agus seoladh na háite óna seoltar an trádáil nó an ghairm, nó ainm agus seoladh an fhostóra	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:* Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 2 - SCAIREANNA etc.

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: sealbhán scaireanna agatsa i gcuideachta áirithe nó i bhfiontar eile nó i ngnóthas eile, nó sealbhán bannaí nó bintiúr dá cuid nó dá chuid agatsa, nó sealbhán infheistíochtaí eile den tsamhail sin agat, má ba mhó ná €13,000 luach comhiomlán an tsealbháin aon tráth le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022). Is ceart a thabhairt faoi deara *nach* n-áirítear i sealbhán aon airgead a bhí ar seilbh agat i gcuntas reatha nó i dtaisce nó i gcuntas eile den tsamhail sin le foras airgeadais. Níl ceangal ort luach iarbhír aon sealbhán a nochtadh. *Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Scaireanna, etc.*

(i) An cineál sealbháin (i.e. scaireanna, bannaí, bintiúr nó sealbhán eile den tsamhail sin)	(ii) Ainm agus seoladh cláraithe na cuideachta nó an fhiontair nó an ghnóthais etc.	(iii) An cineál gnó	(iv) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:* Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 3 – STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht ar aon chuideachta a bhí agatsa aon tráth le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022). *Féach an t-alt iomchuí na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Stiúrthóireachtaí.*

(i) An cineál stiúrthóireachta (e.g. cibé acu an cathaoirleacht, stiúrthóireacht feidhmiúcháin, stiúrthóireacht neamh-fheidhmiúcháin, stiúrthóireacht de facto nó cúlstiúrthóireacht atá ann)	(ii) Ainm agus seoladh cláraithe na cuideachta a raibh an stiúrthóireacht agat uirthi	(iii) An cineál gnó a sheolann an chuideachta	(iv) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 4 - TALAMH (lena n-áirítear maoin)

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: aon leas i dtalamh de do chuidse, is leas ar mhó a luach ná €13,000 aon tráth le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022), lena n-áirítear—

(*a*) an leas atá agat in aon chonradh arna dhéanamh agat chun talamh a cheannach, bíodh nó ná bíodh éarlais nó páirt-íocaíocht tugtha faoin gconradh, agus

(*b*) an leas atá agat—

(i) in aon rogha a bhí agat chun talamh a cheannach, cibé acu a íocadh nó nár íocadh aon chomaoin i leith na rogha sin, nó

(ii) i dtalamh ar ina leith a d'fheidhmigh tú rogha den sórt sin ach nár tíolacadh fós duit,

ach gan áireamh a dhéanamh ar aon leas i dtalamh arb éard é aon teach príobháideach de do chuid nó de chuid do chéile nó do pháirtnéara shibhialta, is é sin le rá, foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh atá á áitiú nó a háitiú agat nó ag do chéile nó ag leanbh leatsa nó le do chéile mar theaghais ar leithligh agus aon ghairdín nó aon talamh eile a bhíonn á áitiú i dteannta na teaghaise de ghnáth, ar talamh é atá coimhdeach nó foghabhálach léi, atá riachtanach mar thaitneamhacht nó áis don teaghais agus nach bhfuil á úsáid nó á fhorbairt chun críocha tráchtála go príomha. Má tá breis agus aon teach amháin agat, ba chóir duit aon teach nach bhfuil á áitiú agatsa, ag do chéile, ag do pháirtnéir sibhialta nó ag leanbh leatsa nó le do chéile nó le do pháirtnéir sibhialta a chlárú. Tá ioncam cíosa ó thalamh agus/nó ó mhaoin is mó ná €2,600 le linn na tréimhse sonraithe le dearbhú ach ba chóir an t-ioncam cíosa sin a chlárú faoi Chuid 1 - Ioncam ó Shlite Beatha. *Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Talún.*

(i) Seoladh aon talún agus/nó áiteanna cónaithe is inchláraithe **[NB Níl ceangal ar chomhaltaí a dteach príobháideach / a dtithe príobháideacha a dhearbhú: féach an nóta thuas]**	(ii) An cuspóir atá le húsáid na talún nó na n-áiteanna cónaithe sin (e.g. coillearnach, talamh feirme, ligean, etc.)	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 5 - BRONNTANAIS

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: bronntanas arna thabhairt duitse le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022), ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(i) bronntanas arna thabhairt duitse ag gaol nó páirtnéir sibhialta nó cara leat nó le do chéile nó le do pháirtnéir sibhialta nó le leanbh leat nó le do chéile ar chúiseanna pearsanta amháin, mura rud é go bhféadfadh glacadh agatsa leis an mbronntanas tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir ar stiúrthóireacht ainmnithe, mar dhuine a shealbhaíonn post ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta agus

(ii) bronntanas arna thabhairt duitse, nó bronntanais arna dtabhairt duitse ag an duine céanna, le linn na tréimhse cuí, ar ina leith nár mhó ná €650 aon tráth le linn na tréimhse a dúradh luach, nó luach comhiomlán, na maoine ab ábhar don bhronntanas nó do na bronntanais. Is ceart a thabhairt do d'aire nach bhfolaíonn an téarma "bronntanas" sintiús de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997 (arna leasú).

Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Bronntanas.

(i) An cineál bronntanais nó bronntanas (lena n-áirítear an sórt bronntanais nó bronntanas agus cur síos air nó orthu)	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a thug an bronntanas nó na bronntanais sin duit	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 6 – MAOIN A SOLÁTHRAÍODH NÓ A TUGADH AR IASACHT NÓ SEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe:

(i) maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht duit nó seirbhís arna soláthar duit, aon uair amháin nó níos mó ná aon uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022), ar chomaoin nó ar chomaoineacha nó ar phraghas nó ar phraghsanna is lú de bhreis agus €650 ná an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, agus

(ii) maoin arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar duitse, aon uair amháin nó níos mó ná aon uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse cuí, saor in aisce má ba mhó ná €650 an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála,

seachas maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar duitse ag gaol nó páirtnéir sibhialta nó ag cara leat nó le do chéile nó le do pháirtnéir sibhialta nó le leanbh leat nó le do chéile i gcás ina ndearnadh an soláthar sin nó inar tugadh an iasacht sin mar bhronntanas duitse agus ar chúiseanna pearsanta amháin mura rud é go bhféadfadh glacadh agatsa leis an maoin nó leis an iasacht nó leis an tseirbhís tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir ar stiúrthóireacht ainmnithe, mar dhuine a shealbhaíonn post ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta.

Féach an t-alt iomchuí na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Maoine agus Seirbhísí.

(i) An cineál agus an sórt maoine a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht duit nó an cineál agus an sórt seirbhíse a soláthraíodh duit	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a rinne an mhaoin sin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó a sholáthair an tseirbhís sin	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

(i) An cineál agus an sórt maoine a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht duit nó an cineál agus an sórt seirbhíse a soláthraíodh duit	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a rinne an mhaoin sin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó a sholáthair an tseirbhís sin	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 7 - SAORÁIDÍ TAISTIL

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh saor in aisce don duine lena mbaineann le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022) nó ar phraghas ba lú ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar—

(i) laistigh den Stát, nó

(ii) i gcúrsa an mhéid seo a leanas agus chun na críche sin—

(I) tú do chomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar shealbhóir ar stiúrthóireacht ainmnithe, mar dhuine a shealbhaíonn post ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta, nó

(II) do thrádáil, do ghairm, d'fhostaíocht, do ghairm bheatha nó do shlí bheatha eile (seachas slí bheatha a shonraítear i *bhfochlásal (I)*),

nó

(iii) i gcás comhalta, ag an Aontas Idirpharlaiminteach (nó ag cibé comhlachtaí eile den tsamhail sin (más ann) a shonróidh an Coiste i dtreoirlínte arna bhfoilsiú aige faoi *alt 12 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* (arna leasú)) nó ag aon eagraíocht stát nó rialtas ar comhalta di an Stát nó an Rialtas nó ag comhlacht de chuid aon chomhlacht nó eagraíocht den sórt sin nó ag comhlacht atá bainteach le comhlacht nó eagraíocht den sórt sin,

(*b*) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar duitse ag gaol nó ag páirtnéir sibhialta nó ag cara leat nó le do chéile nó le do pháirtnéir sibhialta nó le leanbh leat nó le do chéile i gcás ina ndearnadh an soláthar mar bhronntanas a tugadh duitse ar chúiseanna pearsanta amháin, mura rud é go bhféadfaí a cheapadh le réasún go bhféadfadh glacadh agatsa leis na saoráidí sin, leis an gcóiríocht sin, leis na béilí sin nó leis an tsiamsaíocht sin tionchar a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir ar stiúrthóireacht ainmnithe, mar dhuine a shealbhaíonn post ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta,

(*c*) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar duitse, aon uair amháin nó níos mó ná aon uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a dúradh, saor in aisce murar mhó ná

€650 praghas tráchtála, nó comhiomlán phraghsanna tráchtála, na saoráidí, na cóiríochta, na mbéilí nó na siamsaíochta, nó

(*d*) saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht arna soláthar duitse, aon uair amháin nó níos mó ná aon uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a dúradh, ar phraghas nó ar phraghsanna ba lú de €650 ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála.

Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Saoráidí Taistil, etc.

(i) An sórt saoráidí taistil, cóiríochta cónaithe, béilí nó siamsaíochta	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a sholáthair na saoráidí taistil, etc., duit	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 8 - POST AR LUACH SAOTHAIR

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe: post ar luach saothair a shealbhaigh tú mar bhrústocaire polaitíochta nó gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022).

Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Poist ar Luach Saothair.

(i) An sórt poist ar luach saothair a shealbhaigh tú (cibé acu mar bhrústocaire polaitíochta nó gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir)	(ii) Ainm agus seoladh an duine, na cuideachta nó na heagraíochta ar shealbhaigh tú an post seo thar a cheann nó thar a ceann	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

CUID 9 - CONARTHAÍ

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos, le do thoil. Beidh na leasanna seo a leanas inchláraithe:
aon chonradh ar pháirtí ann an duine lena mbaineann nó ina raibh leas díreach nó neamhdhíreach aige nó aici ar bhealach ar bith eile chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse cuí (i.e. an 1 Eanáir go an 31 Nollaig 2022) má ba mhó ná €6,500 luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse cuí nó, i gcás inar soláthraíodh earraí eile nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin a dúradh d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a dúradh, má ba mhó ná €6,500 comhiomlán luach na n-earraí nó seirbhísí agus an luach a dúradh.

Féach an t-alt iomchuí de na Treoirlínte, le do thoil, chun míniú mionsonraithe a fháil ar cheanglais chlárúcháin i leith Conarthaí.

(i) Cur síos ar an gconradh chun earraí nó seirbhísí a sholáthar	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta ar a raibh freagracht phríomha as an gconradh sin	(iii) An tAire den Rialtas nó an comhlacht poiblí dá raibh na hearraí nó an tseirbhís sin le soláthar	(iv) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha ***(Nóta:*** **Tá sé de rogha agat féin an colún seo a chomhlánú nó gan é a chomhlánú)**

DEIMHNÍM LEIS SEO GO BHFUIL TUAIRISCEÁN CEART SAN FHOIRM SEO AR GACH LEAS DE MO CHUID AR LEAS É LENA MBAINEANN ALT 5 DEN ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 (ARNA LEASÚ).

SÍNIÚ: _____

DÁILCHEANTAR: _____

DÁTA: _____